

[04\\_02.mp3](#)

Téipscript

Bileog 4.2

- Jan: Ar mhaith leat deoch eile, a Mháire?
- Máire: Ba mhaith! Ó is breá liom an Guinness i mBaile Átha Cliath!
- Jan: Mise forsta. Níl an Guinness deas áit ar bith eile ar domhan. An ndéanann tú móran taistil?
- Máire: Déanaim le mo chuid oibre, a Jan, ach ní maith liom an baile a fhágáil. Is dócha go ndéanann tusa cuid mhór taistil?
- Jan: Déanaim cinnte. Is breá liom bheith ag taisteal agus ag bualadh le daoine úra i gcónaí.

[04\\_07.mp3](#)

Téipscript

Bileog 4.7

- Nóra: Conas a théann tú go dtí an obair gach lá, a Phádraig?
- Pádraig: Tógaim an bus de ghnáth. Tá stad an bhus an-chóngarach do mo theach ach ní maith liom an turas i ndáiríre.
- Nóra: Cén fhad a thógann an turas sin ort?
- Pádraig: Braitheann sé ar an trácht. Tógann sé idir uair agus uair go leith go minic má bhíonn an trácht trom. Cad é mar a théann tusa go dtí an obair?
- Nóra: Téim ar an rothar. Tá mé i mo chónaí in aice leis an obair agus ní thógann an turas ach deich nóiméad.
- Pádraig: Tá sin iontach áisiúil ar fad! Ach braitheann sé ar an aimsir is dócha?
- Nóra: Ní bhraitheann. Is cuma liom faoin aimsir. Má tá sé fliuch tugaim athrú éadaigh liom.

[04\\_10.mp3](#)

Téipscript

Bileog 4.10

- A: Téímse ar an mbus. Fágaim an teach ag leath i ndiaidh a seacht agus sroichim an oifig idir leath i ndiaidh a hocht agus leath i ndiaidh a naoi. Tógann an turas suas le dhá uair a chloig ach braitheann sé ar an trácht. Is fuath liom é.
- B: Téímse ar an traein gach maidin de ghnáth. Fágaim an teach ag leathuair tar éis a hocht agus sroichim an oifig timpeall a naoi a chlog. Braitheann sé ar an slua daoine. Ach, de ghnáth is breá liom dul ar an traein. Léim leabhair. Tá sé compordach.
- C: Téímse ar an rothar. Ní thógann an turas ach ceathrú uaire de ghnáth. Fágaim an teach ag ceathrú go dtí a naoi agus bím san oifig ar a naoi a chlog. Braitheann sé ar an aimsir ar ndóigh. Má tá sé fliuch tógaim an bus ach tógann an turas suas le huair a chloig. Is maith liom an rothar mar tá sé gasta.

[04\\_14.mp3](#)

Téipscript

**Bileog 4.14**

- A: An bhfuil tiomáint agat?
- B: Tá. Tá cinnte. Tá mé ag tiomáint le cúpla bliain agois. An bhfuil tiomáint agat féin?
- A: Tá, ach níl ceadúnas tiomána ar bith agam.
- B: Cad chuige?
- A: Tá mé róneirbhíseach le bheith ag tiomáint i mBaile Átha Cliath leis an scrúdú a dhéanamh.

